2023/2670

24.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2670 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Samhain 2023

lena leasaítear den 339ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 14 Samhain 2023, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) ó Chomhairle Slándála NA, leasú a dhéanamh ar 5 iontráil i liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin
Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9.

IARSCRÍBHINN

(1) Na hiontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal 'Daoine nádúrtha' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, cuirtear an méid seo a leanas ina n-ionad:

(a) 'Mohamed Amin Mostafa. Dáta breithe: 11.10.1975. Áit bhreithe: Kirkuk, an Iaráic. Náisiúntacht: Iarácach. Seoladh: Via della Martinella 132, Parma, an Iodáil (Sainchónaí). Faisnéis eile: Faoi bheart seiceála riaracháin san Iodáil, a rachaidh in éag an 15 Eanáir 2012. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 12.11.2003.'

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'Mohamed Amin Mostafa (script bhunaidh محمد أمين مصطفى) Dáta breithe: 11.10.1975. Áit bhreithe: Kirkuk, an Iaráic. Náisiúntacht: Iarácach. Seoladh: Via della Martinella 132, Parma, an Iodáil (Sainchónaí). Faisnéis eile: Faoi bheart seiceála riaracháin san Iodáil, a chuaigh in éag an 15 Eanáir 2012. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 12.11.2003.'

(b) 'Said Jan 'Abd Al-Salam (*alias* (a) Sa'id Jan 'Abd-al-Salam, (b) Dilawar Khan Zain Khan, (c) Qazi 'Abdallah, (d) Qazi Abdullah, (e) Ibrahim Walid, (f) Qasi Sa'id Jan, (g) Said Jhan, (h) Farhan Khan, (i) Aziz Cairo, (j) Nangiali). Dáta breithe: (a) 5.2.1981, (b) 1.1.1972. Náisiúntacht: Afganastánach. Pasuimhir: (a) OR801168 (pas Afganastánach faoin ainm Said Jan 'Abd al-Salam arna eisiúint an 28.2.2006, as feidhm an 27.2.2011), (b) 4117921 (pas Pacastánach faoin ainm Dilawar Khan Zain Khan arna eisiúint an 9.9.2008, in éag an 9.9.2013). Uimhir aitheantais náisiúnta: 281020505755 (Uimhir Aitheantais Shibhialta Chuáit faoin ainm Said Jan 'Abd al-Salam). Faisnéis eile: I dtuairim agus 2005, reáchtáil sé campa oiliúna bunúsaí do Al-Qaida sa Phacastáin. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a(4)(b): 9.2.2011.'

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'Said Jan 'Abd Al-Salam (script bhunaidh: سعيد جان عبد السلام)(*Alias* ar cháilíocht mhaith (a) Sa'id Jan 'Abd-al-Salam, (b) Dilawar Khan Zain Khan; Alias ar cháilíocht íseal (a) Qazi 'Abdallah, (b) Qazi Abdullah, (c) Ibrahim Walid, (d) Qasi Sa'id Jan, (e) Said Jhan, (f) Farhan Khan, (g) Aziz Cairo, (h) Nangiali). Dáta breithe: (a) 5.2.1981, (b) 1.1.1972. Náisiúntacht: Afganastánach. Pasuimhir: (a) OR801168 (pas Afganastánach faoin ainm Said Jan 'Abd al-Salam arna eisiúint an 28.2.2006, as feidhm an 27.2.2011), (b) 4117921 (pas Pacastánach arna eisiúint faoin ainm Dilawar Khan Zain Khan arna eisiúint an 9.9.2008, in éag an 9.9.2013). Uimhir aitheantais náisiúnta: 281020505755 (Uimhir Aitheantais Shibhialta Chuáit faoin ainm Said Jan 'Abd al-Salam). Faisnéis eile: I dtuairim agus 2005, reáchtáil sé campa oiliúna bunúsaí do Al-Qaida sa Phacastáin. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2), pointe (i): 9.2.2011.'

(c) 'Iyad ag Ghali (*alias* (a) Sidi Mohamed Arhali). Feidhm: Ceannaire Ansar Eddine. Seoladh: Mailí Dáta breithe: (a) 1.1.1958; (b) 1958. Áit bhreithe: (a) Abeibara, réigiún Kidal, Mailí; (b) Bouressa, réigiún Bourem, Mailí. Pasuimhir: A1037434 (Pas Mailíoch eisithe an 10.8.2001, in éag an 31.12.2014). Faisnéis eile: (a) Ainm a athar Ag Bobacer Arhali, ainm a mháthar Rhiachatou Wallet Sidi; (b) Teastas breithe Mailíoch uimh. 012546. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a (4) (b): 25.2.2013.'

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'Iyad ag Ghali (an script bhunaidh: اياد اغ غالي) (*Alias* ar cháilíocht mhaith (a) Sidi Mohamed Arhali). Feidhm: Bunaitheoir agus ceannaire Ansar Eddine. Seoladh: Mailí Dáta breithe: (a) 1.1.1958; (b) 1958. Áit bhreithe: (a) Abeibara, réigiún Kidal, Mailí; (b) Bouressa, réigiún Bourem, Mailí. Pasuimhir: A1037434 (Pas Mailíoch eisithe an 10.8.2001, in éag an 31.12.2014). Faisnéis eile: (a) Ainm a athar Ag Bobacer Arhali, ainm a mháthar Rhiachatou Wallet Sidi; (b) Teastas breithe Mailíoch uimh. 012546. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2), pointe (i): 25.2.2013.'

(d) 'Abu Mohammed Al-Jawlani (alias (a) Abu Mohamed al-Jawlani, (b) Abu Muhammad al-Jawlani, (c) Abu Mohammed al-Julani, (d) Abu Mohammed al-Golani, (e) Abu Muhammad al-Golani, (f) Abu Muhammad Aljawlani, (g) Muhammad al-Jawlani, (h) Shaykh al-Fatih, (i) Al Fatih, (j) Amjad Muzaffar Hussein Ali al-Naimi, (k) Abu Ashrafh). Dáta breithe: (a) Idir 1975 agus 1979; (b) 1980. Áit bhreithe: An tSiria. Náisiúntacht: Siriach. Seoladh: (a) Mosul, Souq al-Nabi Yunis; (b) Sa tSiria, mí an Mheithimh 2013. Faisnéis eile: Ainm na máthar: Fatma Ali Majour. Tuairisc: Snua dorcha. Airde: 1,70 m. Grianghraf ar fáil lena chur i bhFógra Speisialta Chomhairle Slándála INTERPOL-NA Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 24.7.2013.'

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘Abu Mohammed Al-Jawlani (script bhunaidh: ‘بو محمد الجولاني (*Alias* ar cháilíocht mhaith (a) Abu Mohamed al-Jawlani, (b) Abu Muhammad al-Jawlani, (c) Abu Mohammed al-Julani, (d) Abu Mohammed al-Golani, (e) Abu Muhammad al-Golani, (f) Abu Muhammad Aljawlani, (g) Muhammad al-Jawlani, (j) Amjad Muzaffar Hussein Ali al-Naimi; Ailiasanna ar cháilíocht íseal (a) شيخ الفاتح ، الفاتح (b) Shaykh al-Fatih, (c) Al Fatih, (d) Abu Ashraf). Dáta breithe: (a) Idir 1975 agus 1979; (b) 1980. Áit bhreithe: An tSiria. Náisiúntacht: Siriach. Seoladh: (a) Mosul, Souq al-Nabi Yunis; (b) Sa tSiria, mí an Mheithimh 2013. Faisnéis eile: Ainm na máthar: Fatma Ali Majour. Tuairisc: Snua dorcha. Airde: 1,70 m. Grianghraf ar fáil lena chur i bhFógra Speisialta Chomhairle Slándála INTERPOL-NA Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2), pointe (i): 24.7.2013.’

(2) An iontráil seo a leanas faoin gceannteideal ‘Daoine dlítheanacha, grúpaí agus eintitis’ in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002, cuirtear an méid seo a leanas ina hionad:

(a) ‘Makhtab Al-Khidamat (*alias* (a) MAK, (b) Al Kifah). Faisnéis eile: Slogadh isteach é in Al-Qaida. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a (4) (b): 6.10.2001.’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘Makhtab Al-Khidamat (an script bhunaidh: مكتب الخدمات) (*alias* (a) MAK, (b) Al Kifah, (c) Afghan Service Bureau). Faisnéis eile: Slogadh isteach é in Al-Qaida. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2), pointe (i): 6.10.2001.’